



An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2019
(OR. en)

8741/19
ADD 1

Comhad Idirinstiúideach:
2018/0172(COD)

CODEC 994
ENV 439
MI 390
IND 153
CONSOM 152
COMPET 361
MARE 10
PECHE 212
RECH 231
SAN 225
ENT 124
ECOFIN 434

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag tárgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh - Ráitis

Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an gclásal 'gan tuairim'

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé contrártha le teachtaireacht agus le spiorad Rialachán 182/2011 pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 5 § 4 a agairt ar mhodh córasach. Níor cheart dul i muinín na forála sin ach amháin má tá gá sonrach ann imeacht ón rial láimhe, is é sin go bhféadfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh mura dtugtar aon tuairim. Toisc gurb eisceacht é ón rial ghinearálta a bunaíodh le mír 4 d'Airteagal 5, ní féidir glacadh le dul i muinín phointe (b) den dara fomhír mar "cumhacht lánroghnach" de chuid an Reachtóra, agus ní mór ciall a bhaint as ar bhealach sriantach agus, mar sin, údar a bheith leis.

Cé go dtugann an Coimisiún dá aire an comhaontú ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air maidir le dul i muinín na forála sin, is oth leis nach léirítear an t-údar sin san aithris.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an moill i gcás chur chun feidhme
rialacháin agus threoirlínte áirithe**

Is oth leis an gCoimisiún na spriocdhátaí gairide chun na rialacháin agus na treoirlínte a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 4(2), 7(2), 9(2), 13(4) agus in Airteagal 11a agus ag cur cúis imní in iúl maidir le hindéantacht na sprioc-amanna sin a chomhlíonadh in am trátha.

Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an sainmhíniú ar phlaisteach in-bhithmhillte

Cuirfidh an Coimisiún an cúram maidir le coincheap na hin-bhithmhillteachta dá dtagraítear in Airteagal 15(3)(d) den Treoir chun críche bunaithe ar shainordú sonrach a áireamh san airteagal sin.
